Glao ar Léiriú Spéise le bheith ar dhuine de CHOMHALTAÍ CHOISTE EOLAÍOCH Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)

Uimh. Thagartha: CEI-SCIE-2022

Leis an nglao seo, osclaítear 11 phost ar Choiste Eolaíoch Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Tosóidh téarma oifige na gcomhaltaí nua an 4 Meitheamh 2023 agus críochnóidh sé an 3 Meitheamh 2028.

Sainghníomhaireacht speisialaithe de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) é FRA a bhfuil sé de chúram air comhairle fhianaisebhunaithe a thabhairt d'institiúidí AE agus Ballstáit AE (ag gníomhú dóibh faoi raon feidhme dhlí AE) maidir le réimse na gceart bunúsach.

Cé gur cuid de den AE go foriomlán í an Ghníomhaireacht, is eintiteas ar leith í atá lonnaithe i Vín. Tá Coiste Eolaíoch reatha na Gníomhaireachta comhdhéanta de shaineolaithe i réimse chearta an duine a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Is ollúna ollscoile iad formhór na gcomhaltaí den Choiste, agus iad ag obair i raon disciplíní éagsúla. Bhí poist ardleibhéil ag roinnt díobh roimhe seo, amhail Leas-Uachtarán na Cúirte um Chearta an Duine, Cathaoirligh ar Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, Rapóirtéirí Speisialta na Náisiún Aontaithe, comhaltaí de Choistí idirnáisiúnta faireacháin agus poist eile dá leithéid.

Is mol de shaineolaithe sármhaithe ar chearta an duine é an Coiste Eolaíoch a dhéanann maoirseacht ar an obair a dhéantar i nGníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha.

Ardghradam is ea é a bheith i do chomhalta de Choiste Eolaíoch FRA agus tá tiomantas agus méid shuntasach ama i gceist leis. Is é sainordú an Choiste Eolaíoch cáilíocht eolaíoch obair na Gníomhaireachta a ráthú ar fud réimse iomlán na gceart bunúsach. Tagann na comhaltaí le chéile ceithre huaire ar a laghad sa bhliain ag áitreabh FRA i Vín nó ar bhonn cianda.

1. AN GHNÍOMHAIREACHT

Is Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í FRA atá lonnaithe i Vín, an Ostair. [1]

Is éard is cuspóir FRA cúnamh agus saineolas a bhaineann le cearta bunúsacha a sholáthar do na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí, na gníomhaireachtaí agus na húdaráis iomchuí de chuid an Aontais agus na mBallstát le linn dóibh dlí an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme chun tacú leo cearta bunúsacha a urramú go hiomlán nuair a chuireann siad bearta i bhfeidhm nó nuair a cheapann siad gníomhartha laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach.[2]

Díríonn FRA ar staid na gceart bunúsach in AE agus sna 27 Ballstát dá chuid. Maidir le tíortha is iarrthóirí agus tíortha a bhfuil comhaontú cobhsaíochta agus comhlachais tugtha chun críche acu leis an AE, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh in obair na Gníomhaireachta.[3]

Tá FRA comhdhéanta de na comhlachtaí seo a leanas:

Bord Bainistíochta

Bord Feidhmiúcháin

Coiste Eolaíoch

Stiúrthóir

Foireann gníomhaireachta

2. AN COISTE EOLAÍOCH

Leis an nglao seo ar léiriú spéise, tugtar cuireadh do shaineolaithe ag a bhfuil an taithí riachtanach i ndisciplín eolaíoch amháin nó níos mó sa réimse um chearta bunúsacha a léiriú gur spéis leo a bheith ina gcomhaltaí de Choiste Eolaíoch na Gníomhaireachta.

[1] Bunaíodh é le rialachán arna ghlacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh. Foilsíodh an rialachán sin in IO L 53, 22.2.2007, lgh. 0001-0014

2 Airt. 2 de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

[3] Féach Airteagal 28 de Rialachán Uimh. 168/2007 ón gComhairle.

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 1 de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 arna leasú le Rialachán (AE) 2022/555 an 5 Aibreán 2022 (dá ngairtear an "Rialachán" anseo feasta) lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (dá ngairtear an "Ghníomhaireacht" anseo feasta), ceapfaidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Coiste Eolaíoch a bheidh comhdhéanta d'aon duine dhéag a bheidh neamhspleách agus ardcháilithe sa réimse um chearta bunúsacha, agus inniúlachtaí imleora acu sa cháilíocht eolaíochta agus i modheolaíochtaí taighde.

Ról an Choiste Eolaíoch:

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 5 den Rialachán, is é an Coiste Eolaíoch a bheidh ina ráthóir ar an gcáilíocht eolaíoch maidir le hobair na Gníomhaireachta agus tabharfaidh sé comhairle don Stiúrthóir agus don Ghníomhaireacht maidir leis an modheolaíocht taighde eolaíoch a chuirtear i bhfeidhm ar an obair a dhéantar sa Ghníomhaireacht.

Chun na críche sin, tabharfaidh an Stiúrthóir ról don Choiste Eolaíoch maidir le hullmhú a dhéanamh ar dhoiciméid arna ndréachtú i gcomhthéacs na gcúraimí a leagtar ar an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 4, míreanna 1(a-f) agus (h) den Rialachán:

- Faisnéis agus sonraí ábhartha, oibiachtúla, iontaofa agus inchomparáide a bhailiú, a thaifeadadh, a anailísiú agus a scaipeadh, lena n-áirítear torthaí ó thaighde agus faireachán arna gcur in iúl di ag na Ballstáit, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ag lárionaid taighde, comhlachtaí náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ag comhlachtaí inniúla Chomhairle na hEorpa;
- Modhanna agus caighdeáin a fhorbairt chun feabhas a chur ar inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí faoi chearta bunúsacha ar leibhéal Eorpach, agus an méid sin á dhéanamh i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus na Ballstáit de AE;
- Taighde eolaíoch agus suirbhéanna eolaíocha, staidéir ullmhúcháin agus staidéir indéantachta a dhéanamh, dul i gcomhar maidir leis na gníomhaíochtaí sin nó na gníomhaíochtaí sin a spreagadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus inar comhoiriúnach lena cuid tosaíochtaí agus lena cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún;
- Conclúidí agus tuairimí ar thopaicí téamacha sonracha a fhoirmliú agus a fhoilsiú, d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit agus dlí an Aontais á

chur chun feidhme acu, ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún;

- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis na saincheisteanna ceart bunúsach a thagann faoi réimsí gníomhaíochta na Gníomhaireachta, agus aird á tarraingt inti ar shamplaí de dhea-chleachtas;
- Tuarascálacha téamacha a fhoilsiú bunaithe ar anailís, taighde agus suirbhéanna arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht í féin;
- Straitéis cumarsáide a fhorbairt agus comhphlé leis an tsochaí shibhialta a chur chun cinn ar mhaithe le feasacht an phobail a mhéadú ar chearta bunúsacha agus faisnéis a scaipeadh go gníomhach faoi obair na Gníomhaireachta.

Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch chun tuairim a fháil ar dhréachtdhoiciméad Cláreagraithe na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 5a, mír 3.

Feidhmiú an Choiste Eolaíoch:

Ní hionann an Coiste Eolaíoch agus an Bord Bainistíochta. Tá an Coiste ina chomhlacht comhairleach nach bhfuil aon ról aige sa Ghníomhaireacht a riar agus a stiúradh. Ag an am céanna, tá an Coiste ina chomhlacht oibre a bhfuil ról aige i bpróisis taighde na Gníomhaireachta. Dá bhrí sin, táthar ag súil go mbeidh na comhaltaí tiomanta d'ionchur substaintiúil a dhéanamh in obair na Gníomhaireachta ó thaobh ama agus ualach oibre de. Cuireann siad a gcuid ionchuir ar fáil i bhfoirm argóintí réasúnaithe maidir le cáilíocht obair na Gníomhaireachta, go háirithe an mhodheolaíocht taighde eolaíoch arna feidhmiú. D'fhéadfadh gur ghá dóibh aighneachtaí mionsonraithe i scríbhinn a dhéanamh ina leith sin freisin.

De réir na modhanna oibre reatha, gníomhaíonn na comhaltaí aonair den Choiste mar "rapóirtéirí" agus is féidir leo maoirseacht a dhéanamh ar thionscadal taighde sonrach amháin nó níos mó ón uair a cheaptar an tionscadal den chéad uair go dtí go bhfoilsítear na torthaí. Mar sin féin, is ar bhonn comhchoiteann a dhéanann na comhaltaí den Choiste Eolaíoch cinntí maidir le "cáilíocht eolaíoch obair na Gníomhaireachta". Is Cathaoirleach atá i gceannas ar an gCoiste4. Faigheann an Cathaoirleach cúnamh ó theagmhálaí laistigh den FRA.

[4] Airteagal 19 de Rialacha Nós Imeachta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Comhdhéanamh an Choiste Eolaíoch:

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 1 den Rialachán, beidh an Coiste Eolaíoch comhdhéanta d'aon duine dhéag a bheidh neamhspleách agus ardcháilithe i réimse na gceart bunúsach. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta na comhaltaí den Choiste tar éis glao trédhearcach ar iarratais a eisiúint agus tar éis nós imeachta roghnúcháin a reáchtáil. Rachaidh an Bord i gcomhairle leis an gcoiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa sula gceapfar aon duine[5]

Cinnteoidh Bord Bainistíochta ionadaíocht chothrom gheografach i measc na gcomhaltaí a cheapfaidh sé chuig an gCoiste Eolaíoch. Ina theannta sin, féachfaidh an Bord Bainistíochta le rannpháirtíocht chothrom a bhaint amach idir mná agus fir sa Choiste Eolaíoch. Tabharfaidh sé aird chuí ar na disciplíní agus na speisialtachtaí eolaíocha lena mbaineann freisin ar mhaithe le freastal a dhéanamh ar na réimsí éagsúla de réir mar a shainítear iad i gcáipéis chláreagraithe na Gníomhaireachta.

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 1 den Rialachán, tá cosc ar na comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta gníomhú mar chomhaltaí den Choiste Eolaíoch.

Beidh na comhaltaí den Choiste Eolaíoch ina saineolaithe ar cheann de na disciplíní a bhaineann le cearta an duine nó beidh próifíl idirdhisciplíneach atá ábhartha dóibh acu, lena n-áirítear iad seo a leanas, i measc cinn eile:

- na heolaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear iarrthóirí a bhfuil saineolas acu ar mhodheolaíochtaí taighde agus ar thaighde trasnáisiúnta comparáideach, idir an taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil araon;
- an dlí, lena n-áirítear an dlí bunreachtúil comparáideach, dlí AE agus an dlí idirnáisiúnta;
- na heolaíochtaí polaitiúla;
- staidrimh.

Téarma Oifige:

Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí den Choiste Eolaíoch. Ní dhéanfar é a athnuachan. Beidh comhaltaí an Choiste Eolaíoch neamhspleách agus ní mór dóibh cloí leis na rialacha rúndachta.

[5] An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ("Coiste LIBE").

Ní fhéadfar na comhaltaí a ionadú ach amháin ar iarraidh uathu féin nó i gcás nach féidir leo a gcuid dualgas a chomhlíonadh go buan. Mar sin féin, i gcás nach gcomhlíonann comhalta na critéir neamhspleáchais a thuilleadh, éireoidh sé nó sí as oifig láithreach bonn agus cuirfidh sé nó sí an Coimisiún Eorpach agus Stiúrthóir na Gníomhaireachta ar an eolas ina thaobh. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, ar thogra a fháil ó thrian amháin dá chuid comhaltaí nó ón gCoimisiún Eorpach, easpa neamhspleáchais a chur i leith duine agus an duine lena mbaineann a chúlghairm.

I gcásanna dá leithéid, ceapfaidh an Bord Bainistíochta an chéad duine a bheidh ar fáil ar an bpainéal mar chomhalta nua don téarma oifige atá fós le fónamh.

I gcás gur lú ná dhá bhliain an téarma oifige atá fágtha, is féidir le sainordú an chomhalta nua a mhaireachtáil ar feadh téarma iomlán de chúig bliana. Foilseofar an liosta de na comhaltaí den Choiste Eolaíoch go poiblí agus nuashonróidh an Ghníomhaireacht é ar a suíomh Gréasáin.

Cruinnithe an Choiste Eolaíoch:

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 6 den Rialachán, tiocfaidh an Coiste Eolaíoch le chéile i seisiún iomlánach ceithre huaire sa bhliain. Tionólfar na cruinnithe ag lárionad na Gníomhaireachta (Vín) nó go cianda mar fhíschomhdháil. Féadfar cruinnithe neamhghnácha a thionól. Táthar ag súil go nglacfaidh na comhaltaí páirt sna cruinnithe sin agus go mbeidh ionchur substaintiúil uathu ó thaobh ama agus ualach oibre de, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar a chuirtear faoina mbráid agus tuairimí a thabhairt ina leith. B'fhearr go gcuirfí na tuairimí sin in iúl i scríbhinn agus go dtabharfaí bunús leo.

Beidh na comhaltaí den Choiste Eolaíoch i dteideal slánaíochtaí a fháil maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Choiste Eolaíoch.[6]

3. NA CÁILÍOCHTAÍ AGUS AN TAITHÍ A THEASTAÍONN, CRITÉIR MHEASÚNAITHE

A. Critéir incháilitheachta

Ní mór d'iarratasóirí ar chomhaltas den Choiste Eolaíoch na ceithre chritéar seo a leanas a chomhlíonadh:

[6] Airteagal 24 de Rialacha Nós Imeachta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha; cuireadh tugtha do shaineolaithe chun freastal ar chruinnithe".

- Céim iarchéime nó céim ollscoile a bheith acu i réimse eolaíoch ábhartha;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe seacht mbliana a bheith gnóthaithe acu tar éis an chéim thuasluaite a bhaint amach i réimse na gceart bunúsach maidir le disciplíní amhail na heolaíochtaí sóisialta, na heolaíochtaí polaitiúla, an dlí agus/nó staidrimh;
- A bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit AE nó de stát a ghlacann páirt in obair FRA mar bhreathnóir i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle, leasaithe ag Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022;
- Eolas iomlán (leibhéal C1 ar a laghad) ar an mBéarla agus eolas sásúil (leibhéal B2 ar a laghad) ar theanga eile de chuid an AE.[7]

B. Critéir roghnúcháin

BUNRIACHTANACH:

Is iad seo na **cúig riachtanas bhunriachtanacha** le haghaidh roghnú na gcomhaltaí den Choiste Eolaíoch:

- **Sármhaitheas eolaíoch**: sármhaitheas eolaíoch atá bainteach go dian le réimsí a thagann faoi shainordú na Gníomhaireachta, rud a léirítear le foilseacháin i réimsí ábhartha nó le táscairí eile ar thaithí ghairmiúil ábhartha i ndisciplíní amhail an dlí, na heolaíochtaí sóisialta, na heolaíochtaí polaitiúla, staidrimh, an tíreolaíocht, an eacnamaíocht, an antraipeolaíocht nó an iriseoireacht;

- **Taithí thrasnáisiúnta chomparáideach**: taithí fhairsing ar obair/thaighde a dhéanamh, idir thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil araon, i níos mó ná tír amháin ar réimsí a bhaineann go dlúth le hobair na Gníomhaireachta;

- **Léargas mion ar chearta bunúsacha/chearta an duine sa chleachtas**: taithí fhairsing ar chur chun feidhme a dhéanamh ar chearta bunúsacha/chearta an duine sa chleachtas ó thaobh an dlí, na n-eolaíochtaí sóisialta agus an bheartais de agus/nó ón taobh praiticiúil de – amhail taithí ar obair allamuigh agus anailís sonraí, an rialachas agus an daonnachas, ar chomhairle theicniúil a thabhairt, ar bhreithiúnais dhlíthiúla, nó ar obair

[7] TABHAIR FAOI DEARA: Is é Béarla an teanga oibre le haghaidh na gcruinnithe agus na mbunspriocanna inghnóthaithe go léir – don FRA agus do chomhaltaí an Choiste Eolaíoch araon. Ní aistríonn FRA ach na leaganacha deiridh dá bhunspriocanna inghnóthaithe chuig teangacha eile AE agus, dá bhrí sin, táthar ag súil go mbeidh tuiscint ar chaighdeán an-ard ag iarrthóirí ar **Bhéarla (leibhéal C1 de réir an CEFR)** – idir éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht – mar nach féidir aistriúchán agus ateangaireacht a chur ar fáil i dtaca le hobair an Choiste.

a dhéanamh d'eagraíocht rialtasach nó neamhrialtasach ar leibhéal idirnáisiúnta, comhlachtaí monatóireachta san áireamh;

- **Soláthar tuairimí agus/nó moltaí**: Taithí ar thuairimí nó moltaí a bhaineann le réimsí spéise na Gníomhaireachta a dhréachtú ar leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta;

- **Sárthuiscint ar Bhéarla Eolaíoch**: eolas sármhaith ar Bhéarla scríofa agus labhartha. Is é Béarla[8] an teanga a úsáidtear i gcumarsáid ó bhéal agus i gcumarsáid scríofa araon sa Choiste Eolaíoch.

BUNTÁISTEACH:

Measfar gur **buntáistí** breise iad na ceithre chritéar seo a leanas:

- Ollúnacht bhuan nó poist taighde eile in institiúid acadúil a bheith acu faoi láthair nó a bheith acu roimhe seo;
- Céim dochtúra;
- Taithí ghairmiúil i dtimpeallacht idirdisciplíneach. B'fhearr gur i gcomhthéacs idirnáisiúnta a ghnóthaíodh an taithí sin;
- Taithí ar thorthaí taighde a scaipeadh ar phobail éagsúla ar bhealach nuálach éifeachtúil.

Go háirithe, measúnófar comhlíonadh na riachtanas bunriachtanach thuasluaite de réir an scála pointí fiúntais, na bhfíricí agus na fianaise seo a leanas:

1. **Sármhaitheas eolaíoch (0-30 pointe)**
    - Foilseacháin eolaíocha ábhartha – 10 bhfoilseachán ardcháilíochta ar a laghad;
    - Tuairimí, moltaí nó conclúidí saineolaíocha ábhartha arna soláthar d'údaráis phoiblí;
    - Tionscadail ábhartha taighde i mBallstáit dhifriúla AE;
    - Teagasc ábhartha i mBallstáit AE éagsúla agus taithí ar chathaoirleacht a dhéanamh ar chomhdhálacha idirnáisiúnta agus páirt a ghlacadh i meithleacha idirnáisiúnta agus i dtionscadail ildisciplíneacha.

[8] Airt. 4 (2) de rialacha nós imeachta na Gníomhaireachta.

2. **Taithí thrasnáisiúnta chomparáideach (0-15 pointe)**
    - Taithí ábhartha ar an obair allamuigh, lena n-áirítear, mar shampla, suirbhéanna ilnáisiúnta ina ndéantar anailís ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon;
    - Taithí ábhartha ar chomhairle beartais agus dlí a thabhairt i gcomhthéacs idirnáisiúnta nó trasnáisiúnta;
    - Taithí ábhartha ar chórais pholaitiúla a chur i gcomparáid agus ar an dlí bunreachtúil comparáideach (AE);
3. **Léargas mion ar chearta bunúsacha/ar chearta an duine sa chleachtas agus sa bheartas (0-15 pointe)**
    - Taithí ábhartha ar riarachán poiblí nó beartas poiblí, lena n-áirítear poist cheannaireachta a bheith acu sa réimse sin faoi láthair nó roimhe seo;
    - Taithí ábhartha ar obair a dhéanamh sa Bhreithiúnacht, lena n-áirítear poist cheannaireachta a bheith acu faoi láthair nó roimhe seo;
    - Taithí ábhartha ar obair a dhéanamh in Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, lena n-áirítear poist cheannaireachta a bheith acu faoi láthair nó roimhe seo;
    - Taithí ábhartha ar obair a dhéanamh in Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine nó i gcomhlachtaí eile um chearta an duine ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear poist cheannaireachta a bheith acu faoi láthair nó roimhe seo;
    - Taithí ábhartha ar obair a dhéanamh i réimse na gceart bunúsach ar leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear poist cheannaireachta a bheith acu faoi láthair nó roimhe seo.
4. **Soláthar tuairimí agus/nó moltaí/conclúidí (0-15 pointe)**
    - Taithí fhairsing ar mholtaí ábhartha le haghaidh cleachtais a dhéanamh de thaighde eolaíoch;
    - Taithí fhairsing ar thuairimí saineolaíocha atá achomair agus bainteach le beartas a chur ar fáil d'údaráis riaracháin phoiblí agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha;
    - Taithí fhairsing ar obair a dhéanamh mar eagarthóir eolaíoch;
    - Taithí ar chearta bunúsacha a chur in iúl do phobal leathan.
5. **Sárthuiscint ar Bhéarla Eolaíoch (0-10 pointe)**
    - Sárscileanna Béarla eolaíoch scríofa;
    - Taithí fhairsing ar scríbhneoireacht eolaíoch agus eagarthóireacht eolaíoch a dhéanamh i mBéarla.

Tabharfar scór 0-5 pointe san iomlán do na critéir bhuntáisteacha.

Cuirfear san áireamh sa chéim roghnúcháin freisin an gá le cothromaíocht chothrom gheografach agus inscne a chinntiú.

4. IARRATAIS A CHUR ISTEACH

Iarrtar ar iarrthóirí iarratas a chur isteach go leictreonach ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta:
http://fra.europa.eu/en/about-fra/recruitment/vacancies

Ní ghlacfar **ach amháin** le hiarratais ar líne. Ní mheasfar iarratas a bheith inghlactha ach amháin i gcás ina mbeidh na nithe seo a leanas ar áireamh leis:

- **litir spéise** (aon leathanach amháin ar a mhéad);
- **foirm chlárúcháin** a bhfuil nasc leis ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta ar an leathanach a bhaineann leis an nGlao seo ar Léiriú Spéise;
- **liosta d'fhoilseacháin eolaíocha** i leabhair agus in irisleabhair arna n-athbhreithniú ag piaraí, lena n-áirítear **na hachoimrí ar na cúig alt is mó ábharthacht (ba cheart trí cinn de na hachoimrí sin a bheith i mBéarla)**.

Is féidir go n-iarrfar doiciméid tacaíochta bhreise ag céim níos déanaí den phróiseas roghnúcháin.

Is féidir soiléiriú ar an nglao agus ar an nós imeachta iarratais a iarraidh ach ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

selection-scientific-committee@fra.europa.eu

5. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN, CEAPACHÁN AGUS TÉARMA

Réamhroghnú:

Déanfaidh an Stiúrthóir maoirseacht ar obair an phainéil réamhroghnúcháin le haghaidh chomhaltaí an Choiste Eolaíoch. Déanfaidh sé nó sí cathaoirleacht ar phainéal réamhroghnúcháin. Beidh an painéal sin comhdhéanta de Chinn Rannóige na Gníomhaireachta agus de dhuine arna gceapadh ag Comhairle na hEorpa chun na críche sin. Féadfaidh beirt chomhaltaí de Bhord Bainistíochta FRA,

agus aon chomhalta amháin den Choiste Eolaíoch, freastal ar an bpainéal réamhroghnúcháin mar bhreathnóirí.

Fíoróidh an painéal réamhroghnúcháin incháilitheacht na n-iarrthóirí i gcomhréir leis na riachtanais incháilitheachta. Mura gcomhlíontar ceann ar bith de na riachtanais sin, eisiafar an t-iarrthóir lena mbaineann ó na chéad chéimeanna eile den phróiseas roghnúcháin.

Déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin measúnú ar gach iarrthóir incháilithe ina dhiaidh sin i gcomhréir leis na riachtanais roghnúcháin.

Cuirfidh an Stiúrthóir torthaí an phróisis réamhroghnúcháin faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, lena n-áireofar faisnéis faoi na hiarrthóirí a mheastar a bheith neamh-incháilithe.

Roghnú:

Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin measúnú ar na hiarrthóirí uile bunaithe ar na riachtanais roghnúcháin shocraithe.

Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas san áireamh sa mheasúnú sin:

- Obair an phainéil réamhroghnucháin;
- An gá atá ann go gcumhdóidh réimsí saineolais na gcomhaltaí den Choiste Eolaíoch na réimsí is mó ábharthacht d'obair na Gníomhaireachta;
- An gá le cothromaíocht chothrom gheografach agus inscne a chinntiú.

Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin, trína Chathaoirleach, liosta de na hiarrthóirí is incháilithe faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta. Ba cheart níos mó ná aon ainm déag agus níos lú ná dhá ainm is fiche a bheith ar áireamh sa liosta sin. Beidh pointí fiúntais ar an liosta seo freisin, chomh maith le tátal maidir le hoiriúnacht gach iarrthóra mar bhall den Choiste Eolaíoch, taifead ar na hiarrthóirí nach bhfuil ar na liostaí thuasluaite agus ar iarrthóirí a mheastar a bheith neamh-incháilithe freisin.

Cuirfidh seirbhísí na Gníomhaireachta tacaíocht theicniúil agus lóistíochta ar fáil don phróiseas roghnúcháin.

Ceapachán:

Bunaithe ar an liosta a chuirfidh an Bord Feidhmiúcháin isteach, déanfaidh an Bord Bainistíochta liosta cúltaca bunaithe ar an ord fiúntas a ullmhú agus na 11

comhaltaí den Choiste Eolaíoch a cheapadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa.

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 2 den Rialachán, ceapfar comhaltaí ar feadh téarma cúig bliana, ar téarma é nach bhféadfar a athnuachan.

Ba cheart d'iarrthóirí féideartha a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go bhfoilseodh an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ainm agus CV na n-iarrthóirí go poiblí mar thoradh ar nós imeachta poiblí sheisiúin an Choiste. Tá sé de cheart ag iarrthóirí féideartha agóid a dhéanamh in aghaidh fhoilsiú a gcuid sonraí ach ríomhphost a sheoladh chuig selection-scientific-committee@fra.europa.eu.

6. DEARBHÚ TIOMANTAIS, LEASA AGUS RÚNDACHTA

Is ar bhonn pearsanta a cheaptar na comhaltaí den Choiste Eolaíoch. Geallfaidh na comhaltaí gur go neamhspleách ar aon tionchar seachtrach a ghníomhóidh siad. Is ar an gcúis sin a iarrfar orthu dearbhú tiomantais agus dearbhú leasa a thabhairt.[9]

Iarrfar dearbhú rúndachta freisin chun cloí leis na rialacha rúndachta nuair a bheifear ag déileáil le faisnéis a shainaithin an Ghníomhaireacht go sonrach a bheith "srianta nó faoi rún".[10]

7. COMHDHEISEANNA

Molann FRA do dhuine ar bith a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus ar spéis leis/léi a bheith ina chomhalta/ina comhalta de Choiste Eolaíoch FRA iarratas a dhéanamh.

Is fostóir comhdheiseanna é FRA agus áirithíonn sé nach ndéantar idirdhealú ina nósanna imeachta earcaíochta ar aon fhorais amhail inscne, cine, dath craicinn, bunadh eitneach ná sóisialta, airíonna géiniteacha, reiligiún ná creideamh, tuairimí polaitiúla ná aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, féiniúlacht inscne ná gnéaschlaonadh. Tá FRA tiomanta do chothromaíocht inscne a bhaint amach. Dá bhrí sin, moltar do mhná go háirithe iarratas a dhéanamh.

9 Airt. 27 (2) de na Rialacha Nós Imeachta.
10 Airt. 26 (2) de na Rialacha Nós Imeachta.

8. SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Tabhair faoi deara nach seolfaidh FRA iarratais ar ais chuig na hiarrthóirí.

Déanfar iarrataí a fhaightear ó iarratasóirí ar fhaisnéis phearsanta atá ina sheilbh ag FRA a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Má bhíonn aon cheist ag an iarrthóir maidir le próiseáil sonraí pearsanta an té sin, cuirfidh sí nó sé iad chuig an seoladh seo a leanas: selection-scientific-committee@fra.europa.eu

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le próiseáil sonraí pearsanta, féach Ráiteas Príobháideachais FRA.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí FRA ag an ríomhsheoladh dpo@fra.europa.eu.

Tá na hiarratasóirí i dteideal cúiteamh a fháil am ar bith ón Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (http://www.edps.europa.eu; EDPS@edps.europa.eu) má tá siad den tuairim go bhfuil a gcearta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1725/2018 sáraithe mar thoradh ar phróiseáil a sonraí pearsanta ag FRA.

9. SPRIOCDHÁTA

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach ná an **19/09/2022** ag **13:00** (Am áitiúil, GMT +1).

Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras an oiread sin sonraí a phróiseáil ag druidim leis an spriocdháta le hiarratais a chur isteach mar gheall ar an líon ard iarratas a fhaighimid. Molaimid d'iarratasóirí, dá bhrí sin, a n-iarratas a dhéanamh tamall maith roimh an spriocdháta.